RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/532 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Márta 2021

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Is iomchuí foráil i ndáil le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, faisnéis nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhféadfaidh an sealbhóir, ar feadh tréimhse áirithe, leanúint air ag agairt na faisnéise sin i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad a dhéanfar a aicmiú faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is faisnéis í is féidir a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Gaireas (dá ngairtear "fearas stáisiúin ceamara" nó "taifeadán ilfheidhme") i gcásáil aonair arb é is toise dó thart ar 33 × 23 × 8 cm, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas: — eilimintí gníomhacha agus éighníomhacha, — próiseálaí, — cárta grafaice, — cuimhne inmheánach (tiomántán diosca chrua). Níl aon tiúnóir teilifíse sa ghaireas. Tá na feistí comhéadain seo a leanas sa ghaireas: RJ45, USB, VGA, SPF agus HDMI agus lasc comhtháite ocht bport ag a bhfuil acmhainn PoE (Cumhacht thar Ethernet). Tá córas oibriúcháin ann den chineál "meaisín próiseála sonraí uathoibríoch caighdeánach". Tá sé réamhchumraithe agus réamhlódáilte le "bogearra bainistithe ceamara" freisin agus cuimsítear ann ceadúnais le haghaidh ocht gcainéal. Dearadh an gaireas chun sonraí fuaime agus físe a ghlacadh, trí bhíthin comhéadan teileachumarsáide (agus Prótacal Idirlín (IP)), ó ocht gceamara faireachais (ceamaraí IP) ar a mhéad. Is féidir na sonraí a stóráil ar an gcruadhiosca inmheánach, nó i stóras seachtrach (trí bhíthin comhéadan USB) nó tá an gaireas in ann na sonraí a sheoladh trí na líonraí teileachumarsáide chuig seoladh IP eile (chuig freastalaí, lasc nó fón póca, cuir i gcás, nó chuig meaisín próiseála sonraí uathoibríoch). Is féidir an gaireas a nascadh le monatóir nó aonad taispeána agus le rialtán eochairchláir. Cuireadh ar an margadh é lena úsáid mar chuid de chóras slándála agus faireachais.	8521 90 00	Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, nóta 3 a ghabhann le Roinn XVI, nóta 5 (E) a ghabhann le Caibidil 84 agus le foclaíocht na gcód AC 8521 agus 8521 90 00. I bhfianaise a shaintréithe oibiachtúla, is gaireas é a bhfuil de chuspóir leis é a chur ag oibriú le hocht gceamara ar a mhéad chun críoch físfhaireachais. Meaisín, chun críoch den chineál sin, a dhéanann comharthaí ó cheamaraí a thaifeadadh agus atá in ann iad a sheoladh chuig seoladh IP eile, é sin nó iad a atáirgeadh ar aonad taispeána nó ar mhonatóir, oibríonn sé feidhm shonrach nach ionann agus feidhm próiseála sonraí de réir bhrí nóta 5(E) a ghabhann le Caibidil 84. (Féach freisin an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 17 Márta 2005, Ikegami Electronics, C-467/03, ECLI:EU:C:2005:182). Eisiatar é, dá bhrí sin, óna aicmiú faoi cheannteideal 8471 mar mheaisín próiseála sonraí uathoibríoch. Is den dearadh atá ar an ngaireas go bhfuil sé in ann dhá fheidhm chomhlántacha, nó níos mó, a oibriú, de réir bhrí nóta 3 a ghabhann le Roinn XVI, eadhon tarchur agus glacadh sonraí faoi cheannteideal 8517 agus taifeadadh físe agus atáirgeadh físe faoi cheannteideal 8521. I bhfianaise shaintréithe oibiachtúla an ghairis, is é is príomhfheidhm dó taifeadadh físe a dhéanamh mar chuid de chóras slándála agus faireachais. Níl san fheidhm tarchurtha agus glactha sonraí ach feidhm choimhdeach a bhfuil de chuspóir léi feabhas a chur ar oibriú an chórais ina n-ionsuitear an gaireas. Eisiatar é, dá bhrí sin, óna aicmiú faoi cheannteideal 8517. (Féach freisin an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 25 Feabhra 2016, G. E. Security, C-143/15, ECLI:EU:C:2016:115, míreanna 55 go 57). Dá bhrí sin, is faoi ghairis eile taifeadta nó atáirgthe físe, bíodh tiúnóir físe ina chuid díobh nó ná bíodh, faoi chód AC 8521 90 00, atá an gaireas le haicmiú.